

**Maoiniú Státhchiste faoin  
Reachtaíocht um an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte  
sa bhliain 2018**

*Tuarascáil chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 10D den  
Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte, 1938, arna leasú leis an Acht um an  
Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014*



**Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí**  
**Standards in Public Office Commission**

**An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí**  
**18 Sráid Líosain Íochtarach**  
**Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: (01) 6395666**  
**Ríomhphost: [sipo@sipo.ie](mailto:sipo@sipo.ie)**  
**Suíomh Gréasáin: [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie)**  
**Twitter: @SIPOIreland**

**Lúnasa 2019**

## Clár Ábhar

Brollach .....	2
Caibidil 1: Réamhrá .....	3
Caibidil 2: Ráitis chaiteachais a thug na ceannairí páirtí agus na comhaltaí neamhspleácha 4	
Caibidil 3: An Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte - rátaí íocaíochta le linn na bliana 2018... 7	
Aguisín: Sonraí faoi chistiú agus caiteachas .....	9

## Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 10D den Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte, 1938, arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014. Na ráitis chaiteachais agus na tuarascálacha iniúchóra poiblí i ndáil leis an mbliain 2018 dá dtagraítear sa tuarascáil seo, tugadh iad don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí de bhun alt 10B(1) agus 10B(6) den Acht.



---

An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe

Cathaoirleach

An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí

Lúnasa 2019

## Caibidil 1: Réamhrá

Íoctar liúntais bhliantúla le ceannairí páirtithe parlaiminte i ndáil le speansais a bhaineann le gníomhaíochtaí parlaiminte an pháirtí, taighde san áireamh. Ceanglaítear ar cheannairí páirtí ráitis bhliantúla faoi chaiteachas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) i ndáil leis na liúntais sin.

Ceanglaítear ar chomhaltaí neamhspleácha den Dáil agus den Seanad na liúntais sin a fháil agus ceanglaítear orthu ráitis a thabhairt freisin.

Tugtar an “liúntas gníomhaíochtaí parlaiminte” ar an liúntas.

Is é an sainmhíniú a thugtar san Acht ar pháirtí cáilitheach ná páirtí polaitíochta, atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta, a chuaigh san iomaíocht le haghaidh an olltoghchán is déanaí nó aon fhothoghchán ina dhiaidh sin agus ar toghadh comhalta amháin ar a laghad dá chuid chuig Dáil Éireann nó a ndearnadh comhalta amháin ar a laghad dá chuid a thoghadh nó a ainmniú chuig Seanad Éireann.

Pléitear sa tuarascáil seo le ráitis chaiteachais an liúntais a tugadh don Choimisiún um Chaighdeáin don tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2018. Fuair sé na ráitis sin ó na ceannairí parlaiminteacha ar na hocht bpáirtí polaitíochta, ó na 15 Sheanadóir neamhspleácha agus ó na 19 dTeachta Dála neamhspleácha a fuair an liúntas sa bhliain 2018.

I gcás go bhfuil páirtí cáilitheach ar cheann amháin de na páirtithe sa Rialtas, is faoi aon trian a laghdófar na liúntais chomhcheangailte is iníoctha i leith a chuid comhaltaí sa Dáil (agus sa Dáil amháin).

Cé nach bhfuil aon ról ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i ndáil leis an liúntas a leithdháileadh, is amhlaidh go bhfuil ról maoirseachta aige i ndáil leis an dóigh a gcaitear an liúntas. Ní mór dó ráitis chaiteachais an liúntais a fháil agus a bhreithniú agus ní mór dó, más gá, dul i gcomhairle leis na ceannairí páirtí parlaiminteacha/leis na comhaltaí neamhspleácha i ndáil le hábhair atá ina ráitis. Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin tuarascáil ar na ráitis a fuair sé a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus cóip den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Ní mór dó iniúchadh ar na ráitis a tugadh dó agus cóipeáil na ráiteas sin a éascú freisin.

## Caibidil 2: Ráitis chaiteachais a thug na ceannairí páirtí agus na comhaltaí neamhspleácha

### Cúlra

Foráiltear leis an Acht nach mór do cheannairí páirtí parlaiminteacha ráiteas faoi aon chaiteachas ón liúntas a ullmhú, nó a chur faoi deara go n-ullmhófar ráiteas den sórt sin. Ní mór é sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 120 lá tar éis dheireadh na bliana airgeadais inar íocadh liúntas. Ní mór an ráiteas a bheith iniúchta ag iniúchóir poiblí agus ní mór é agus tuarascáil an iniúcháora a chur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh den tréimhse 120 lá sin. Scoirfear den liúntas a íoc i gcás nach bhfaighfear an ráiteas agus tuarascáil an iniúcháora do bhliain na gcuntas laistigh de 120 lá ó dheireadh na bliana.

Ba é an 30 Aibreán 2019 an spriocdháta le haghaidh tuairisceáin a fháil don tréimhse tuairiscithe 2018.

Ceanglaíodh ar na ceannairí ar na hocht bpáirtí polaitíochta seo a leanas ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin:

- Fianna Fáil
- Fine Gael
- An Comhaontas Glas
- Neamhspleáigh ar son an Athraithe
- Páirtí an Lucht Oibre
- Sinn Féin
- Na Daonlathaithe Sóisialta
- Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús

Ceanglaíodh ar 15 Sheanadóir neamhspleácha agus ar 19 dTeachta Dála neamhspleácha ráiteas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin freisin.

De réir an Achta, ní fhéadfar an maoiniú a fuarthas a chur i bhfeidhm i ndáil le speansais toghcháin ná reifrinn. Ní fhéadfar é a úsáid chun speansais den sórt sin a aisghabháil ach oiread. Ceanglaíonn an Coimisiún go luafaidh ceannairí páirtí parlaiminteacha agus comhaltaí neamhspleácha ar a ráiteas caiteachais nár úsáideadh an liúntas chun críocha toghcháin ná reifrinn.

Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin tuarascáil ar na ráitis agus ar na tuarascálacha iniúchóra a fuarthas a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus é ag lua inti:

- (i) cé acu a cuireadh nó nár cuireadh na ráitis agus na tuarascálacha iniúchóra isteach faoin teorainn ama shonraithe,
- (ii) cé acu atá nó nach bhfuil aon chaiteachas a úsáideadh chun speansais toghcháin nó reifrinn a aisghabháil nochta iontu, agus
- (iii) cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na ráitis alt 10 (e.g. gur íocadh an liúntas de réir na rátaí cuí, etc.) agus alt 10B (gur tugadh ráiteas caiteachais, etc.) den Acht.

Is deimhin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin gur comhlíonadh na forálacha thuas.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin cóip dá thuarascáil a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus í a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin cóip de na ráitis agus de na tuarascálacha iniúchóra a fuarthas a choinneáil agus ní mór dó iad a chur ar fáil don phobal lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil. Féadfaidh daoine den phobal na ráitis chaiteachais/na tuarascálacha iniúchóra a tugadh don Choimisiún um Chaighdeáin a iniúchadh agus a chóipeáil ag oifigí an Choimisiúin um Chaighdeáin ag 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Tá an fhaisnéis sin ar fáil ag [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie) freisin.

Léirítear i dTábla 1 den Aguisín sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do na ceannairí Parlaiminteacha ar pháirtithe polaitíochta cáilitheacha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2018.

Léirítear i dTábla 2 den Aguisín an miondealú de réir catagóire agus páirtí polaitíochta ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte sa bhliain 2018.

Léirítear i dTábla 3 den Aguisín sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do Theachtaí Dála neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2018.

Léirítear i dTábla 4 den Aguisín an miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach Teachta Dála neamhspleách le linn na bliana 2018.

Léirítear i dTábla 5 den Aguisín sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do Sheanadóirí neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2018.

Léirítear i dTábla 6 den Aguisín an miondealú ar chaiteachas an Liúntais Gníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach Seanadóir neamhspleách le linn na bliana 2018.

## Caibidil 3: An Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte - rátaí íocaíochta le linn na bliana 2018

Íocann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le ceannairí páirtí parlaiminteacha agus le comhaltaí tofa neamhpháirtí den Dáil agus den Seanad.

Ba é seo a leanas an liúntas bliantúil a bhí iníoctha le ceannairí páirtí parlaiminteacha sa bhliain 2018 i ndáil le comhaltaí de Dháil Éireann –

I gcás páirtithe rialtais –

- €42,912 in aghaidh an chomhalta a toghadh i ndáil leis an gcéad deichniúr comhaltaí,
- €34,329 in aghaidh an chomhalta bhreise a toghadh i ndáil leis an 11ú comhalta go dtí an 30ú comhalta, agus
- €17,169 in aghaidh an chomhalta a toghadh i ndáil leis an 30ú comhalta ar aghaidh.

I gcás páirtithe neamhrialtais –

- €64,368 in aghaidh an chomhalta a toghadh i ndáil leis an gcéad deichniúr comhaltaí,
- €51,493 in aghaidh an chomhalta bhreise a toghadh i ndáil leis an 11ú comhalta go dtí an 30ú comhalta, agus
- €25,754 in aghaidh an chomhalta a toghadh i ndáil leis an 30ú comhalta ar aghaidh.

Ba é seo a leanas an liúntas bliantúil a bhí iníoctha le ceannairí páirtí parlaiminteacha sa bhliain 2018 i ndáil le comhaltaí den Seanad –

- €42,089 in aghaidh an chomhalta a toghadh nó a ainmníodh i ndáil leis an gcéad chúigear comhaltaí, agus
- €21,045 in aghaidh an chomhalta bhreise a toghadh nó a ainmníodh.

Fuair comhaltaí tofa neamhpháirtí de Dháil Éireann liúntas bliantúil €37,037 agus fuair comhaltaí tofa nó ainmnithe neamhpháirtí de Sheanad Éireann liúntas bliantúil €21,045.



B'ionann agus €7,587,820 an maoiniú iomlán a cuireadh ar fáil sa bhliain 2018 do na ceannairí ar na hocht bpáirtí cháilitheacha.

B'ionann agus €703,704 an maoiniú a cuireadh ar fáil do chomhaltaí neamhpháirtí den Dáil sa bhliain 2018.

B'ionann agus €309,121 an maoiniú a cuireadh ar fáil do chomhaltaí neamhpháirtí den Seanad sa bhliain 2018.

## Aguisín: Sonraí faoi chistiú agus caiteachas

**Tábla 1 – Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do na Ceannairí Parlaiminteacha ar pháirtithe polaitíochta cáilitheacha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2018**

<b>Páirtithe Polaitíochta</b>	<b>An t-iomlán a fuarthas do 2018</b>	<b>Maoiniú a tugadh ar aghaidh ó 2017</b>	<b>An t-iomlán atá ar fáil do 2018</b>	<b>Iomlán an chaiteachais 2018</b>	<b>Iarmhéid a tugadh ar aghaidh go 2019</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Fianna Fáil</b>	2,433,946	196,291	2,630,237	2,574,400	<b>55,837</b>
<b>Fine Gael</b>	1,978,646	649,502	2,628,148	2,027,885	<b>600,263</b>
<b>An Comhaontas Glas</b>	170,825	235,353	406,178	148,002	<b>258,176</b>
<b>Neamhspleáigh ar son an Athraithe</b>	257,472	62,232	319,704	278,321	<b>41,383</b>
<b>Páirtí an Lucht Oibre</b>	618,932	986,732	1,605,665	729,256	<b>876,408</b>
<b>Sinn Féin</b>	1,548,687	438,317	1,987,004	1,828,489	<b>158,515</b>
<b>Na Daonlathaithe Sóisialta</b>	193,104	104,920	298,024	229,063	<b>68,961</b>
<b>Dlúthpháirtíocht/Pobal roimh Bhrabús</b>	386,208	105,512	491,720	378,719	<b>113,001</b>
<b>Iomlán</b>	<b>7,587,820</b>	<b>2,778,859</b>	<b>10,366,679</b>	<b>8,194,135</b>	<b>2,172,544</b>

**Tábla 2 – Miondealú de réir catagóire agus páirtí polaitíochta ar chaiteachas an liúntais sa bhliain 2018**

Catagóir	Fianna Fáil	Fine Gael	An comhaontas Glas	Neamhspleáigh ar son an Athraithe	Páirtí an Lucht Oibre	Sinn Féin	Na Daonlathaithe Sóisialta	Dlúth-pháirtíocht – Pobal roimh Bhrabús	Iomlán
	€	€	€	€	€	€	€	€	€
<b>a</b>	2,162,023	351,809	4,707	201,847	515,542	1,437,577	211,397	9,943	<b>4,894,845</b>
<b>b</b>	—	—	—	9,386	—	—	—	—	<b>9,386</b>
<b>c</b>	39,539	191,342	15,798	2,766	—	24,812	—	—	<b>274,257</b>
<b>d</b>	—	131,459	2,982	—	195,024	316,626	14,666	—	<b>660,757</b>
<b>e</b>	305,353	73,907	—	—	—	—	3,000	—	<b>382,260</b>
<b>f</b>	—	—	—	—	18,690	—	—	—	<b>18,690</b>
<b>g</b>	—	1,279,368	124,515	—	—	49,474	—	—	<b>1,453,357</b>
<b>h</b>	30,000	—	—	6,000	—	—	—	—	<b>36,000</b>
<b>i</b>	—	—	—	—	—	—	—	368,169	<b>368,169</b>
<b>j</b>	37,485	—	—	58,322	—	—	—	607	<b>96,414</b>
<b>k</b>	—	—	—	—	—	—	—	—	—
<b>Iomlán</b>	<b>2,574,400</b>	<b>2,027,885</b>	<b>148,002</b>	<b>278,321</b>	<b>729,256</b>	<b>1,828,489</b>	<b>229,063</b>	<b>378,719</b>	<b>8,194,135</b>

### Catagóirí caiteachais

- (a) riarachán ginearálta a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí parlaiminte de chuid páirtí cháilithigh;
- (b) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar, ar comhairle í ar dóigh di bheith ag teastáil le haghaidh tograí reachtacha nó tionscnaimh pharlaiminteacha fhéideartha;
- (c) taighde agus oiliúint;
- (d) ceapadh beartais;
- (e) seirbhísí sainchomhairleoireachta a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí;
- (f) suirbhé a dhéanamh ar an bpobal nó dearcadh an phobail a shampláil i ndáil le díospóireachtaí parlaiminteacha nó le tionscnaimh pharlaiminteacha;
- (g) seirbhísí tacaíochta do pháirtí parlaiminteach a cheannach ón bpáirtí;
- (h) aon tuarastal nó aon airgead oinigh a íoc le ceannaire parlaiminteach i ndáil le dualgais a eascraíonn as a g(h)níomhaíochtaí mar cheannaire den sórt sin, ar íocaíochtaí iad a bheidh ar leithligh ó aon íocaíochtaí a fhaigheann sé/sí mar chomhalta de Dháil Éireann nó mar shealbhóir oifige Aireachta;
- (i) aon tuarastal nó aon airgead oinigh a íoc le haon duine eile i ndáil le dualgais a eascraíonn as gníomhaíochtaí an duine sin i bpáirtí parlaiminteach;
- (j) soláthar a dhéanamh do chaiteachas iompair agus pearsanta arna thabhtú ag ceannaire parlaiminteach, ag oifigigh nó ag urlabhra páirtí pharlaimintigh a bhaineann leis an bhfeidhm páirtí pharlaimintigh atá acu, nó caiteachas den sórt sin a aisghabháil;
- (k) siamsaíocht.

**Tábla 3 – Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do Theachtaí Dála neamhspleácha faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2018**

Ainm an Teachta Dála	An t-iomlán a fuarthas do 2018 €	Maoiniú a tugadh ar aghaidh ó 2017 €	An t-iomlán atá ar fáil do 2018 €	Iomlán an chaiteachais 2018 €	Iarmhéid a tugadh ar aghaidh go 2019 €
Canney, Seán	37,037	23,291	60,328	43,165	17,163
Collins, Michael	37,037	-	37,037	37,043	-
Connolly, Catherine	37,037	48,733	85,770	35,639	50,131
Fitzmaurice, Michael	37,037	20,544	57,581	29,689	27,892
Grealish, Noel	37,037	36,953	73,990	27,110	46,880
Halligan, John	37,037	1,064	38,101	33,589	4,512
Harty, Michael	37,037	40,301	77,338	23,500	53,838
Healy, Seamus	37,037	25,727	62,764	28,837	33,927
Healy Rae, Danny	37,037	13,781	50,818	36,090	14,728
Healy Rae, Michael	37,037	21,937	58,974	38,427	20,547
Lowry, Michael	37,037	24,359	61,396	13,716	47,680
McGrath, Finian	37,037	42,754	79,791	45,685	34,107
McGrath, Mattie	37,037	44,882	81,919	27,107	54,813
Moran, Kevin	37,037	6,309	43,346	39,281	4,065
Naughten, Denis	37,037	35,100	72,137	20,778	51,358
O'Sullivan, Maureen	37,037	42,271	79,308	34,988	44,320
Pringle, Thomas	37,037	6,501	43,538	40,701	2,837
Ross, Shane	37,037	49,293	86,330	24,496	61,834
Zappone, Katherine	37,037	1,536	38,573	28,620	9,954
<b>Iomlán</b>	<b>703,703</b>	<b>485,337</b>	<b>1,189,040</b>	<b>608,461</b>	<b>580,580</b>

**Tábla 4 – Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach Teachta Dála neamhspleách le linn na bliana 2018**

<b>Catagóir</b>	<b>a</b>	<b>b</b>	<b>c</b>	<b>d</b>	<b>e</b>	<b>f</b>	<b>Iomlán</b>
Canney, Seán	-	32,314	3,259	6,731	-	862	<b>43,165</b>
Collins, Michael	12,980	7,421	8,473	5,647	2,522	-	<b>37,043</b>
Connolly, Catherine	-	35,639	-	-	-	-	<b>35,639</b>
Fitzmaurice, Michael	-	9,141	5,079	15,469	-	-	<b>29,689</b>
Grealish, Noel	246	-	10,038	16,827	-	-	<b>27,110</b>
Halligan, John	6,068	12,710	1,000	1,772	7,910	4,129	<b>33,589</b>
Harty, Michael	-	-	0	23,500	-	-	<b>23,500</b>
Healy, Seamus	28,369	-	-	467	-	-	<b>28,837</b>
Healy Rae, Danny	-	18,700	16,488	492	-	410	<b>36,090</b>
Healy Rae, Michael	-	31,329	618	4,982	-	1,498	<b>38,427</b>
Lowry, Michael	-	-	-	13,716	-	-	<b>13,716</b>
McGrath, Finian	750	17,645	-	1,575	22,755	2,960	<b>45,685</b>
McGrath, Mattie	14,793	1,462	9,693	481	-	678	<b>27,107</b>
Moran, Kevin	219	27,120	394	492	6,708	4,348	<b>39,281</b>
Naughten, Denis	246	6,643	7,795	6,094	-	-	<b>20,778</b>
O’Sullivan, Maureen	20,783	1,537	6,662	4,280	-	1,727	<b>34,989</b>
Pringle, Thomas	-	20,350	20,350	-	-	-	<b>40,701</b>
Ross, Shane	-	7,251	-	590	10,640	6,015	<b>24,496</b>
Zappone, Katherine	-	588	-	23,450	-	4,582	<b>28,620</b>
<b>Iomlán</b>	<b>84,454</b>	<b>229,850</b>	<b>89,849</b>	<b>126,564</b>	<b>50,535</b>	<b>27,209</b>	<b>608,461</b>

\* Is féidir go mbeidh na hiomláin neamh-chomhsheasmhach de bharr slánú

### **Catagóirí caiteachais**

- (a) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar, ar comhairle í ar dóigh di bheith ag teastáil le haghaidh tograí reachtacha nó tionscnaimh pharlaiminteacha fhéideartha;
- (b) taighde agus oiliúint;
- (c) ceapadh beartais;
- (d) seirbhísí sainchomhairleoireachta a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí;
- (e) suirbhé a dhéanamh ar an bpobal nó dearcadh an phobail a shampláil i ndáil le díospóireachtaí parlaiminteacha nó le tionscnaimh pharlaiminteacha; agus
- (f) siamsaíocht.

**Tábla 5 – Sonraí faoin maoiniú a bhí ar fáil do chomhaltaí neamhspleácha den Seanad faoin Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte le linn na bliana 2018**

Ainm an tSeanadóir	An t-iomlán a fuarthas do 2018	Maoiniú a tugadh ar aghaidh ó 2017	An t-iomlán atá ar fáil do 2018	Iomlán an chaiteachais 2018	Iarmhéid a tugadh ar aghaidh go 2019
Black, Frances	21,045	28,952	49,997	28,795	<b>21,202</b>
Boyhan, Victor	21,045	20,977	42,022	16,926	<b>25,096</b>
Craughwell, Gerard	21,045	9,325	30,370	16,605	<b>13,765</b>
Dolan, John	21,045	27,082	48,127	18,323	<b>29,804</b>
Freeman, Joan	21,045	-	21,045	2,065	<b>18,980</b>
Higgins, Alice Mary	21,045	25,819	46,864	28,092	<b>18,772</b>
Kelleher, Collette	21,045	14,187	35,232	20,663	<b>14,569</b>
Lawless, Billy	21,045	8,374	29,419	22,073	<b>7,347</b>
Marshall, Ian	21,045	-	14,491	779	<b>13,713</b>
McDowell, Michael	21,045	32,674	53,719	2,763	<b>50,956</b>
Mullen, Ronan	21,045	-	21,045	21,045	-
Norris, David	21,045	27,033	48,078	30,074	<b>18,003</b>
Ó Ceidigh, Pádraig	21,045	22,595	43,640	13,739	<b>29,901</b>
O'Donnell, Marie Louise	21,045	9,983	32,018	6,624	<b>24,404</b>
Ruane, Lynn	21,045	3,984	25,029	22,067	<b>2,962</b>
<b>Iomlán</b>	<b>309,121</b>	<b>230,986</b>	<b>540,107</b>	<b>250,633</b>	<b>289,474</b>

\* Is féidir go mbeidh na hiomláin neamh-chomhsheasmhach de bharr slánú

**Tábla 6 – Miondealú ar chaiteachas an Liúntais Ghníomhaíochtaí Parlaiminte ag gach comhalta neamhspleách den Seanad le linn na bliana 2018**

<b>Catagóir</b>	<b>a</b>	<b>b</b>	<b>c</b>	<b>d</b>	<b>e</b>	<b>f</b>	<b>Iomlán</b>
Black, Frances	2,451	-	26,345	-	-	-	<b>28,795</b>
Boyhan, Victor	5,235	-	11,691	-	-	-	<b>16,926</b>
Craughwell, Gerard	3,399	-	12,736	75	-	395	<b>16,605</b>
Dolan, John	1,292	231	8,981	7,428	-	391	<b>18,323</b>
Freeman, Joan	600	-	1,465	-	-	-	<b>2,065</b>
Higgins, Alice Mary	998	1,057	25,881	-	-	157	<b>28,092</b>
Kelleher, Collette	-	590	19,643	431	-	-	<b>20,663</b>
Lawless, Billy	10,031	-	9,199	-	-	2,943	<b>22,073</b>
Marshall, Ian	300	-	479	-	-	-	<b>779</b>
McDowell, Michael	600	-	1,732	431	-	-	<b>2,763</b>
Mullen, Ronan	1,934	16,885	1,965	-	-	262	<b>21,045</b>
Norris, David	-	-	-	30,074	-	-	<b>30,074</b>
Ó Ceidigh, Pádraig	609	6,706	3,196	-	-	3,228	<b>13,739</b>
O'Donnell, Marie Louise	1,042	1,094	2,904	1,305	-	280	<b>6,624</b>
Ruane, Lynn	2,946	13,209	5,911	-	-	-	<b>22,067</b>
<b>Iomlán</b>	<b>31,435</b>	<b>39,771</b>	<b>132,127</b>	<b>39,743</b>	<b>-</b>	<b>7,556</b>	<b>250,633</b>

\* Is féidir go mbeidh na hiomláin neamh-chomhsheasmhach de bharr slánú

### **Catagóirí caiteachais**

- (a) comhairle theicniúil nó sainchomhairle a sholáthar, ar comhairle í ar dóigh di bheith ag teastáil le haghaidh tograí reachtacha nó tionscnaimh pharlaiminteacha fhéideartha;
- (b) taighde agus oiliúint;
- (c) ceapadh beartais;
- (d) seirbhísí sainchomhairleoireachta a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí caidrimh phoiblí;
- (e) suirbhé a dhéanamh ar an bpobal nó dearcadh an phobail a shampláil i ndáil le díospóireachtaí parlaiminteacha nó le tionscnaimh pharlaiminteacha;
- (f) siamsaíocht.